www.xtrapapers.com

Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| 71 | |
|---|---|

Uimhir Iarrthóra

| |
|---|

General Certificate of Secondary Education
2012–2013

# Eolaíocht: Teastas Dúbailte: Ceimic

## Aonad C1

## Ardsraith

**[GSD22]**

GSD22

**DÉ MÁIRT 26 FEABHRA 2013, MAIDIN**

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **hocht** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceist **3(b)**.
Tá Bileog Sonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na ndúl, ar fáil duit.

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| Marc Iomlán | |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**1** **(a)** Is féidir le táscairí dath a athrú i dtuaslagáin aigéid agus i dtuaslagáin alcaileacha. Is féidir táscairí a dhéanamh le hábhar ó phlandaí amhail cabáiste dearg.

Sa tábla thíos, tá faisnéis faoi thrí tháscaire dhifriúla. Bain úsáid as an fhaisnéis seo leis na ceisteanna a leanann a fhreagairt.

| Substaint | An dath atá ar pháipéar táscaire uilíoch | An dath atá ar pháipéar litmis dearg | An dath atá ar thuaslagán cabáiste dearg | réimse pH |
|---|---|---|---|---|
| aigéad hidreaclórach | dearg | dearg | dearg | 1–2 |
| hiodrocsaíd sóidiam | dúghorm | gorm | buí | 12–14 |
| uisce | glas | dearg | corcra | 7 |
| aigéad eatánóch | oráiste | dearg | dearg | 3–6 |

**(i)** Cad chuige **nach bhfuil** páipéar litmis dearg ina tháscaire fóirsteanach le pH a thástáil?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Mínigh cad chuige ar féidir táscaire a thabhairt ar thuaslagán cabáiste dearg.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(iii)** Cad chuige a bhfuil táscaire uilíoch níos fearr mar tháscaire ná tuaslagán cabáiste dearg le haigéid a thástáil?

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Sa léaráid thíos, léirítear dóigh le pH a thomhas.




Tabhair buntáiste amháin a bhaineann le tóireadóir pH a úsáid in áit tuaslagán táscaire le pH a thomhas.

______________________________________________ [1]

**(c)** Nuair a dhéanann carbónáit chopair(II) imoibriú le haigéad foirmítear sulfáit chopair(II). Comhlánaigh an chothromóid focal don imoibriú seo.

carbónáit chopair(II) + ______ → sulfáit chopair(II) + ______ + ______ [3]

**(d)** Athraíonn an dath atá ar chriostail sulfáit chopair(II) de réir mar a théitear iad.

Tugtar an dath atá ar thrí chineál de shulfáit chopair(II) agus an fhoirmle atá ag gach ceann acu sa tábla thíos.

| **Dath** | **Foirmle** |
|---|---|
| gorm | $CuSO_4.5H_2O$ |
| glas | $CuSO_4.H_2O$ |
| bán | $CuSO_4$ |

**(i)** Luaigh an fhoirmle don chineál sulfáit chopair(II) is fearr lena thástáil go bhfuil uisce ann.
Mínigh do fhreagra.

Foirmle: ______________________________________ [1]

Míniú: ______________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Cad é an focal a úsáidtear le cur síos ar shulfáit chopair(II) bhán?


______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com


| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**2** Déanann potaisiam agus fluairín imoibriú foirtil le chéile leis an chomhdhúil fluairíd photaisiam a fhoirmiú.

**(a)** Comhlánaigh na léaráidí thíos le cóiriú na leictreon **uilig** in adamh potaisiam agus in adamh fluairín a thaispeáint.



adamh potaisiam



adamh fluairín

[2]

**(b)** Cuir síos ar an dóigh a ndéantar ian as adamh potaisiam agus ar an dóigh a ndéantar ian as adamh fluairín. Ba chóir duit foirmle gach iain a lua.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [4]

**(c)** Cad é mar a choinnítear na hiain le chéile i bhfluairíd photaisiam?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(d)** Cad é an fhoirmle atá ag fluairíd photaisiam?

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

LEATHANACH BÁN

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**3** **(a)** Tabhair sainmhíniú cruinn ar an téarma intuaslagthacht.

_______________________________________________


_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [4]

**I gcuid (b) measúnófar thú ar chaighdeán na cumarsáide scríofa lena n-áirítear úsáid saintéarmaí eolaíochta.**

**(b)** Bhí mac léinn ag iarraidh torthaí a fháil le graf intuaslagthachta a bhreacadh do chlóráit photaisiam. Léirítear thíos an chéad trí chéim den mhodh a d'úsáid sé.




Céim 1: Cuirtear 4 g de chlóráit photaisiam i bpromhadán fiuchta.

Céim 2: Cuirtear 10 $cm^3$ d'uisce leis.

Céim 3: Cuirtear an promhadán fiuchta isteach i ndabhach uisce agus téitear é go dtí go bhfuil an chlóráit photaisiam uilig tuaslagtha. Baintear an promhadán fiuchta amach as an dabhach uisce ansin.

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Cuir síos go cruinn ar an dóigh a **leanfá** leis an turgnamh seo le tacar torthaí a fháil a chuirfeadh ar do chumas graf intuaslagthachta a tharraingt.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [6]

**(c)** I dturgnamh eile den chineál chéanna fuair mac léinn na torthaí seo a leanas. Bhain sí úsáid as 2 g den chlóráit photaisiam gach uair.

| Mais an uisce (g) | Teocht ag a bhfoirmítear criostail (°C) | Intuaslagthacht in uisce (g/100 g) |
|---|---|---|
| 4 | 92 | 50.0 |
| 8 | 63 | 25.0 |
| 12 | 48 | |
| 16 | 35 | 12.5 |


Ríomh an intuaslagthacht atá ar iarraidh ón tábla. **Ní mór duit do chuid oibre a thaispeáint**.

_______________________ g/100 g uisce [3]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(d)** Taispeántar cuar intuaslagthachta do chlóráit photaisiam thíos.




**(i)** Cuir síos ar an treocht san intuaslagthacht a thaispeántar sa ghraf thuas.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Cad é intuaslagthacht clóráit photaisiam ag 69 °C?

______________________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

**4** Comhlánaigh an tábla thíos a bhaineann le foirmlí ceimiceacha.

| Foirmle cheimiceach | Ainm ian neamh-mhiotail | Líon na n-adamh ocsaigine san fhoirmle | Líon iomlán na n-adamh san fhoirmle |
|---|---|---|---|
| $Na_2CO_3$ | carbónáit | 3 | |
| $Fe(OH)_3$ | hiodrocsaíd | | 7 |
| $Cu(NO_3)_2$ | | 6 | 9 |
| $Mg(HCO_3)_2$ | hidrigincharbónáit | | |


[5]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**5** Foirmítear naisc chomhfhiúsacha nuair a bhíonn leictreoin á roinnt ag adaimh.
Taispeánann an léaráid thíos na leictreoin sheachtracha i móilín dé-ocsaíd charbóin.




**(a)** Bain úsáid as saigheada leis na lipéid thíos a chur ar an léaráid thuas:

**(i)** nasc comhfhiúsach dúbailte

**(ii)** dís aonair. [2]

**(b)** Tarraing léaráid phoncanna is cros do mhóilín amóinia $NH_3$.
Ná taispeáin ach na leictreoin **sheachtracha**.

[2]

**(c)** An chuid is mó de na substaintí móilíneacha comhfhiúsacha, tá siad dothuaslagtha in uisce. Tabhair **dhá** airí eile atá tipiciúil de shubstaintí móilíneacha comhfhiúsacha.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**LEATHANACH BÁN**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Ceimiceoir a bhí in John Newlands. D'eagraigh sé na dúile ceimiceacha i dtábla.

**(a)** Taispeántar cuid de thábla Newlands thíos. Bain úsáid as an tábla seo le cuidiú leat freagra a thabhairt ar chodanna **(a)(ii)** agus **(a)(iii)**.

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| H | Li | Be | B | C | N | O |
| F | Na | Mg | Al | Si | P | S |
| Cl | K | Ca | Cr | Ti | Mn | Fe |

**(i)** Cad é an t-ainm a thugtar ar an phatrún athfhillteach a thug John Newlands faoi deara?

______________________________ [1]

**(ii)** Scríobh na siombailí atá ar **thrí** dhúil a ghrúpáil Newlands le chéile mar is ceart sa cholún chéanna.

______________________________ [1]

**(iii)** Bhí seacht ngrúpa i dtábla Newlands. Cad é an grúpa dúl atá ar iarraidh?

______________________________ [1]

**(iv)** Luaigh éiginnteacht amháin eile nó teorainn amháin eile a bhaineann le teoiric Newlands.

______________________________ [1]

**(b)** D'fhorbair Dmitri Mendeleev Tábla Peiriadach a bhí níos mionchruinne.

Cad iad na príomhghnéithe a bhain leis an Tábla Peiriadach a chum Mendeleev?

______________________________

______________________________

______________________________ [3]

www.xtrapapers.com

**(c)** Cad é an t-eolas a thugann suíomh dúile sa Tábla Pheiriadach nua-aimseartha duit faoi struchtúr mionsonraithe adamhach na dúile sin?

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

3. ______________________________________________

______________________________________________ [3]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

7 Is féidir substaintí a rangú de réir a struchtúr mar laitís ianach, comhfhiúsach móilíneach, ollchomhfhiúsach nó miotalach.

| Substaint | Leáphointe (°C) | Fiuchphointe (°C) | Seoltacht leictreach | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Solad | Leacht |
| A | −210 | −196 | ní sheolann | ní sheolann |
| B | 600 | 2350 | seolann | seolann |
| C | 808 | 1465 | ní sheolann | seolann |
| D | 114 | 184 | ní sheolann | ní sheolann |
| E | 3550 | 4827 | ní sheolann | ní sheolann |

**(a)** Cé acu substaint, A, B, C, D nó E, ar gás í ag teocht an tseomra?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Cé acu substaint, A, B, C, D nó E, a bhfuil struchtúr de laitís ianach aici?

_______________________________________________ [1]

**(c)** Cé acu substaintí, A, B, C, D nó E, a bhfuil struchtúr comhfhiúsach móilíneach acu?

____________________ agus ____________________ [1]

**(d)** Cé acu substaint, A, B, C, D nó E, is dóchúla go mbeidh sé intuaslagtha in uisce?

_______________________________________________ [1]

**(e)** Is féidir substaint E a úsáid in uirlisí gearrtha.

Ainmnigh substaint E agus luaigh airí **fisiceach** a fhágann go bhfuil sé fóirsteanach le húsáid in uirlisí gearrtha.


ainm: _______________________________________ [1]

airí fisiceach: _________________________________ [1]

www.xtrapapers.com

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**8** Sa léaráid thíos, léirítear an gaireas a úsáidtear le sruth leictreach a chur trí bhróimíd luaidhe leáite.




**(a)** Cad é an t-ainm a thugtar ar an phróiseas atá á thaispeáint sa léaráid?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Leictreoidí graifíte atá in úsáid. Mínigh ina iomláine cad chuige a bhfuil an ghraifít fóirsteanach mar ábhar don imoibriú seo.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

**(c)** Scríobh leathchothromóid (cothromóid ianach) don imoibriú a tharlaíonn ag an **anóid**.

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

www.xtrapapers.com

**(d)** Sa tábla thíos, tugtar na leáphointí atá ag ceithre hailíd mhiotalacha.

| **Hailíd mhiotalach** | **Leáphointe (°C)** |
|---|---|
| clóiríd shóidiam | 801 |
| clóiríd photaisiam | 772 |
| bróimíd luaidhe | 367 |
| clóiríd chailciam | 782 |

Luaigh cad chuige ar roghnaíodh bróimíd luaidhe, de rogha ar na trí hailíd eile, leis an phróiseas a taispeánadh sa léaráid ar an leathanach roimhe seo a léiriú.

[2]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR**

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

www.xtrapapers.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

113854